

Ollscoil na hAoise Seo

Ruairí Ó hUiginn

Is tráthúil an uain í seo le breathnú ar roinnt forbairtí atá tarlaithe cheana nó atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair san oideachas tríú leibhéal in Éirinn. Duine ar bith atá ag teagasc in ollscoil nó i bhforas eile oideachais dá leithéid le deich nó cúig bliana déag anuas beidh sé tugtha faoi deara aige nó aici go bhfuil athruithe móra tagtha ar an earnáil sin fré chéile. Tá na hathruithe seo le sonrú, cuir i gcás, i líon agus i gcaighdeán na mac léinn atá ag tarraingt anois ar an ollscoil; sa chóras modúlach seimeastrach atá curtha i bhfeidhm i móran gach ollscoil; san athstruchtúrú ó bhonn atá imithe ar roinnt de na forais léinn; agus sna sála air sin ar fad, sa mhéadú céatach atá tagtha ar ualach an riaracháin. Nuair a chuirtear leo seo an rachmas atá sa tír de bharr fheabhas na heacnamaíochta agus an réabhlóid theicneolaíochta a bhfuil tionchar aige ar gach gné de shaol an léinn gan trácht ar an saol mór i gcoitinne, níor thógtha ar dhuine a cheapadh gur institiúid de chineál eile atá san ollscoil seachas mar a bhíodh.

Athruithe chun feabhais, ar ndóigh, atá i gcuid mhaith de na hathruithe sin ach tá roinnt eile ann ar deacair a leas do mic léinn, do theagascóirí ná don tír i gcoitinne a mheas. Más i nguairneán athruithe atáimid faoi láthair níor mhiste súil a chaitheamh ar an mbóthar atá leagtha amach don ardoideachas in Éirinn, ar a triail agus ar a dán, go háirithe a fhad is a bhaineann an sceál leis na daonnachtaí.

Tá borradh ollmhór tagtha ar líon na mac léinn atá ag gabháil don oideachas tríú leibhéal le tamall. Tá níos mó de lucht ardeistiméireachta ag tabhairt aghaidhe ar an ollscoil nó ar fhorais eile ardoideachais anois ná mar a bhí riamh. Blodh go bhfuil titim bheag ar líon na ndaoine san aoisghrúpa 17-21, is mó anois an céatadán díobh seo atá ag dul chuig an ollscoil. Cé nach bhfuil na céatadán seo in Éirinn baol ar chomh hard is atá i dtíortha eile Eorpacha, mar shampla i gCríoch Lochlann, is airde iad ná mar atá i dtíortha eile san Aontas Eorpach agus is in airde atá siad ag dul gach bliain. Is léir gurb é an gnás anois é go leanann daoine óga ar aghaidh lena gcuid oideachais tar éis na hardteiste agus go mbíonn cuid mhaith daoine óga ag glacadh leis gur mar seo a bheas. Ní mór fáilte a chur roimh an ardú sa ratá rampháirtíochta ag an tríú leibhéal. Is rud é seo a chuirfeas go mór le caighdeán an oideachais sa tír fré chéile, agus de bhri go bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis an eolas i sochaí na haoise seo is mór a chuirfeas sé le deiseanna fostaíochta na hóige. Ós iad na mic léinn crollár na hollscoile agus gurb iad a dhéanann an t-idirdealú idir ollscoil agus institiúid taighde ní mór dúinne mar theagascóirí a bheith sásta go bhfuil an cor seo tagtha sa saol. Cé go bhfuil fáilte le cur roimhe, baineann dúshláin mhóra leis freisin.

Má tá níos mó de mhuintir na tíre le leas a bhaint as an oideachas tríú leibhéal, ní mór an caiteachas cuí a dhéanamh le go bhfreastalófaí mar ba cheart ar an éilcarnh sin. Cuireadh deireadh le táillí ollscoile tamall de bhlianta ó shin le gur mó an deis a bheadh ag daoine a bhaineann leis na grúpaí soch-eacnamaíochta is ísle leas a bhaint as an oideachas tríú leibhéal. Is léir anois nár baineadh an sprioc sin amach, agus gur daoine a bheadh in acmhainn táillí ollscoile a íoc is mó atá ag teacht i dtír air. Go deimhin, fiú mura bhfuil táillí oifigiúla ann, tá costais cláraithe agus eile lena n-íoc ag mic léinn.

Tar éis go bhfuil an saoroideachas seo ann, tá cuid mhaith mac léinn ollscoile ag brath ar obair pháirtaimseartha le costais mhaireachtála a ghlanadh agus ón uair go bhfuil rachmas sa tír agus deiseanna fostalochta dá réir, is mic léinn pháirtaimseartha *de facto* cuid shuntasach díobh siúd atá ag freastal ar an ollscoil. Ní hamháin go gcuireann seo isteach ar an méid ama atá siad in ann a chaitheamh ag a gcuid staidéir, ach fíonn sé an t-am a bhíonn acu le caitheamh le cumainn nó le clubanna ollscoile ar bunchuid de thaithí an mhic léinn iad. Ní leor ‘saoroideachas’ ar an triú leibhéal a chur ar fáil gan scéim chuimsitheach deontas nó scoláireachtaí a bheith ann freisin le gur féidir leis an bpobal ar fad leas a bhaint as gan a bheith ag brath ar obair sheachtrach.

Ar an taobh eile den scéal, tá feabhas cuimsitheach tagtha ar an maoiniú atá ar fáil ag mic léinn iarchéime. Forbairt an-dearfach bunú na Comhairle um Thaighde san Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta sa bhliain 2000. Cuireann scoláireachtaí agus comhaltachtaí na Comhairle ar chumas na mac léinn a bhfuil gealladh maith fúthu leanacht ar aghaidh lena gcuid taighde ar feadh tréimhse. Trí na scéimeanna seo agus cinn nach iad tá curtha go mór le cultúr an taighde sa tír.

Mura raibh an toradh a rabhtas ag súil leis ar leibhéal na fochéime ar chealú táillí ollscoile, tá d’iarmairt air gurb é an rialtas atá anois ag seasamh chostas na hollscoláíochta céad faoin gcéad. Tá bainte dá réir de neamhspléachas na n-ollscoileanna agus is mó a chaithfeas siad glacadh le clár oibre a leagfar síos dóibh. Dá thoradh seo, cuid mhaith, tá cleachtais nua agus athstruchtúrú curtha i bhfeidhm ar ollscoileanna na tíre.

Is mór i gceist anois an dearbhú feabhais a mbíonn ar gach roinn nó rannóg ollscoile dul ina bhun ag stáisi rialta. Tugann seo ar na ranna sin breathnú ó bhonn orthu féin, ar a gcuid nósanna imeachta agus a gcleachtais le cinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde. Ní hamháin go mbíonn foireann acadúil na roinne páirteach sa phróiseas seo, ach glacann mic léinn fochéime agus iarchéime, chomh maith le páirtithe leasmhara eile páirt ann. Bíonn ról lárnach ag speisialtóirí seachtracha sa phróiseas freisin. Níl amhras ar bith ach gur cheart go gcinnteofaí caighdeán teagaise, taighde, riaracháin agus eile, agus má bhaineann an cleachtadh dearbhaithe feabhais atá againn faoi láthair sin amach, beidh sé le moladh. Chuige seo ní mór glacadh le moltaí a dhéantar dá thoradh seo agus iad a chur i bhfeidhm, fiú má tá impleachtaí airgid ag baint lena leithéid. Sa chás nach ndéantar seo, níl sa bpróiseas uilig ach cleachtadh riaracháin ar bheagán tairbhe.

Ceist níos tromchúisí an t-athstruchtúrú a bhfuiltear ina bhun i roinnt ollscoileanna faoi láthair. Foras ar bith atá beo bríomhar agus sásta fás, beidh an foras sin sásta breathnú go rialta agus go géar ar a chuid bunstruchtúr, féachaint an bhfuil siad ag cabhrú leis an bhforas a ról a chomhlíonadh agus an bhfuil siad feiliúnach don aois ina bhfuil an foras. Ní leor glacadh le struchtúr ná le cleachtas de bhri go bhfuil sé ann le fada. Mura bhfuil sé ag baint na sprice amach ní mór a athrú. Ar an taobh eile den scéal, má tá struchtúr nó cleachtas ag feidhmiú i gceart, is cuma más fada gairid ann é, níor cheart go mbeadh gá lena athrú. Bunchuid den athstruchtúrú atá ar siúl faoi láthair baineann sé le ranna agus dámha a nascadh. Is féidir a áitiú gur ar mbaithe le struchtúr níos fearr riaracháin a chur ar bun atá seo á dhéanamh, agus go laghdófar dá bharr ar an ualach riaracháin a bhíonn ar theagascóirí agus ar thaighdeoirí. Má

dhéantar sin, beidh sé le moladh, ach is baolach go n-úsáidtear an deis seo le foireann acadúil agus le ranna a laghdú freisin, rud nach mór cur ina aghaidh.

Cé go bhfuil fadhanna ag baint le hairgeadú an oideachais, is maith go bhfuil tóir ag an bpobal air. Ní hé gach ábhar léinn atá ag teacht i dtír ar an tóir seo, áfach. Tá córas meastúcháin an dara leibhéal, mar atá, an ardeistiméireacht, ag imirt tionchar nach beag ar roghnú ábhar san ollscoil. De bhri go mbaineann stádas ar leith le hábhair a dteastaíonn líon ard pointí lena n-aghaidh, bíonn brú ar mhic léinn chumasacha na hábhair seo a roghnú, le go mbainfidh siad an leas 'ceart' as an líon ard pointí a ghnóthas siad, is cuma má tá siad feiliúnach don ábhar sin nó nach bhfuil. Bíodh nach bhfuil na daonachtaí buailte ródhona leis an gclaonadh seo, tá géarchéim sna heolaíochtaí faoi láthair agus laghdú mór tagtha ar líon na mac léinn i gcuid mhaith coláistí. Is é a fhearacht chéanna ag cúrsaí áirithe eile é. Ábhar buartha é seo. Bealach amháin le haghaidh a thabhairt ar an bhfadhb agus daoine breise a mhealladh isteach sna cúrsaí sin na caighdeán iontrála a isliú, rud atá ag tarlú i roinnt réimsí. Ach ní mór a bheith san airdeall faoin 'réiteach' seo. Má táthar ag glacadh le mic léinn ar lú a mbuneolas ar an ábhar léinn ar theacht don ollscoil dóibh, fágfaidh sin go mbeidh ar na ranna ollscoile níos mó ama a chaitheamh ag plé leis na bearnaí atá ar leibhéal bhunúsacha, agus gur lú dá bharr an caighdeán a bheas bainte amach ar chríochnú na céime do na mic léinn sin. Dá mba ar an gcaighdeán céanna a bhí gach mac léinn ag teacht chun na hollscoile dó/di b'fhusa aghaidh a thabhairt ar an scéal, ach tarlaíonn go mbíonn réimse leathan cumais ag mic léinn i ndámha éagsúla. Má dhíríonn an lucht teagaisc ar chaighdeán na mac léinn is fearr sa chúrsa, seans maith go bhféadfar na daoine is laige ar gcúl; má dhírítear ar na daoine is laige tá seans go mbeidh sé leadránach do na mic léinn is cumasaí. Ba cheart go dtabharfadh gach cúrsa ollscoile dúshlán na mac léinn uilig agus go ndéanfaí iarracht iad a thabhairt go barr a gcumais. Tugann an teagasc measctha dúshlán na dteagascóirí ar an tríú leibhéal mar a dhéanann ar gach leibhéal den oideachas; ar thaobh amháin beidh siad ag iarraidh go mbainfidh na mic léinn na caighdeán is airde amach; ar an taobh eile beidh siad ag iarraidh nach mbeidh an caighdeán chomh hard sin go mbeidh sé ó chumas mac léinn eile. Ba mhór an chabhair dá bhféadfaí bliain eile a chaitheamh leis an mbuncheim i gcásanna áirithe, faoi mar a dhéantar faoi láthair i roinnt ollscoileanna. Is maith cinnte a d'fheifeadh seo sna teangacha. Tharla gur faoi chuing shocrú Bologna atáimid uilig anois, áfach, ní móide go gceadófaí a leithéid sa chóras 3 bliana + 2 bliain + 3 bliana atá molta faoina fhoráilacha.

Forás amháin a bhfuil fáilte mhór le cur roimhe líon na mac léinn lánfhásta atá ag tabhairt faoin oideachas tríú leibhéal den chéad uair. Daoine iad seo nach raibh in acmhainn freastal ar an ollscoil riamh roimhe ar údar amháin nó ar údar eile ach atá ag tapú na deise anois cur lena gcuid oideachais. Más ag freastal ar ghnáthchúrsaí lae, ar chúrsaí oíche nó ar chúrsaí seachtracha atá na mic léinn seo níl aon amhras ach go gcuireann an taithí saoil atá acu agus a thugann siad leo mar aon leis an speis atá acu san ábhar léinn go mór le leibhéal plé agus díospóireachta taobh istigh de ranganna ollscoile.

Dúshlán eile nach mór aghaidh a thabhairt air cultúr na léitheoireachta sa tsochaí chomhaimseartha. Athrú mór amháin atá tagtha sa saol gur mó sa mhó atá daoine ag brath ar eolas ó fhoinis leictreonacha ná ón bhfocal scríofa. Ní gá buntáistí na meán leictreonacha a rianadh anseo. Táimid uilig taobh leis an teicneolaíocht agus tá sí tar éis go leor gnéithe den obair againn a réabhlóidiú. Is le glúin an riomhaire agus na

teicneolaíochta a bhaineann formhór na mac léinn atá ag triail ar an ollscoil inniu. Is minic a fhágann sin gur lú a dtuilleamaí ar an leabhar agus ar an bhfocal scríofa ná mar atá an scéal ag a múinteoirí. Cé go bhfuil deireadh le ré na leabhar á thuar le tamall, mar sin féin ar an leabhar atá roinnt mhaith cúrsaí ollscoile bunaithe faoi láthair, agus is léir gur lú a bheas seo amhlaidh de réir mar a mhéadófar ar an mbrath atá againn ar na meáin leictreonacha. Tá ranna ollscoile ag athrú le freagairt don saol seo agus táthar ag baint i bhfad níos mó úsáide as deiseanna idirlín agus eile

Ceisteanna ginearálta iad seo agus cinn eile nach bhfuil ardaithe agam. Le mórán gach réimse den ollscoil a bhaineann siad. Cá seasann na daonnachtaí sa chóras ollscolaíochta seo atá ag teacht chun cinn? De réir an OECD ní mór don oideachas tríú leibheál freastal ar riachtanais 'the knowledge economy, labour market, local community, and individual learner.' Cúrsaí gairmiúla iad roinnt mhaith de chúrsaí na hollscoile atá ceangailte le gairm bheatha ar leith agus ar furasta iad a mheas de réir na slat tomhais sin an OECD. Ní hamhlaidh do na daonnachtaí. Gan amhras is abhair 'phraiticiúla' cuid de na hábhair a ndéanann daoine staidéar orthu, is é sin le rá go ngabhfaidh siad isteach i ngairm bheatha a mbeidh baint dhíreach ag ábhar na céime léi. Téann roinnt mhaith daoine le múinteoireacht ar fhágail na hollscoile dóibh agus is iad ábhair na céime a mhúineann siad. Tá daoine eile, cuid an bheagáin, a bhainfeas postanna léachtóireachta ar an tríú leibheál amach agus a bheas ag teagasc sa réimse a ndearna siad staidéar air. Tá roinnt mhaith eile fós, mar a bhí riamh, nach mbainfidh leas garimíúil ar bith as na hábhair a ndearna siad staidéar orthu ach a thíocfaidh i dtír ar an oideachas leathan atá faighte acu, is cuma má rinne siad staidéar ar an tSean-Ghréigis, ar an bhFealsúnacht, ar an nGaeilge, ar an Stair, ar an gCeol nó ar ábhair eile. Éilíonn oideachas sna daonnachtaí go mbeadh mic léinn in ann ábhar a bhaint as foinsí éagsúla, a thabhairt le chéile, agus a mheas, agus fadhbanna atá bunaithe ar an eolas sin a réiteach. Scileanna inaistrithe iad seo a shealbhaíonn siad agus a ghabhfadh chun leasa duine ar bith. Ar an ábhar seo amháin ba cheart go mbeadh lárionad ag na daonnachtaí sa chóras ollscoile, ach tá ábhar níos doimhne ná sin: mar go bhfeabhsaíonn agus go saibhrionn eolas ar na daonnachtaí an tsochaí fré chéile.